



Teanga agus Litearthacht

Dr Seán Mac Corraidh
Comhdháil Gaelscoileanna
2010



cuspoirí

- scileanna litearthachta agus feabhsú na scileanna sin i nGaelscoil a phlé
- moltaí a sholáthar leis an chuspóir sin a bhaint amach
- moltaí eile a lorg
- díospóireacht a thosú ar dhóigheanna cruthaitheacha le scileanna litearthachta ag na daltaí a thabhairt chun cinn



Gaeilge: scileanna litearthachta

éisteacht

tuiscint

labhairt

léamh

scríobh



litearthacht i gcomhthéacs na GS?

...próiseas a thógann ar dhúshraith na héisteachta, na tuisceana agus na cainte **trí phleanáil chúramach teanga** a chuireann taca faoi gach foghlaim

litearthacht i gcomhthéacs na GS?



...cuirtear an litearthacht chun cinn sa
Ghaeilge **ó scileanna glacacha**
teanga go scileanna luatha cur in
iúl teanga...

litearthacht i gcomhthéacs na GS?



...cuireann ionchur agus tacú ar
ardchaighdeán an oide le **tuiscint ar
an teanga agus le giniúint na
teanga labhartha...**



litearthacht i gcomhthéacs na GS?

...ó rang a trí ar aghaidh **forbraítear an
litearthacht i dtéarmaí na Gaeilge
agus an Bhéarla...**

litearthacht i gcomhthéacs na GS?



- ...**is leithne** an litearthacht sa
Ghaelscolaíocht ná líofacht sa dá theanga...
- ...ciallaíonn sé an cumas le **heolas scríofa a léamh, a úsáid, agus freagairt dó...**
-bheith ábalta scríobh ar dhóigh **chuí...ar mhaithe le réimse luchtanna léitheoireachta sa dá theanga...**



litearthacht i gcomhthéacs na GS?

...i gceist sa litearthacht sa Ghaelscolaíocht **tá comhtháthú na cainte, na héisteachta leis an léamh agus an scríobh...**

...agus an cumas le **ceachtar den dá theanga a úsáid nó leis an dá theanga a úsáid ar dhóigheanna cuí i suíomhanna éagsúla sóisialta**

litearthacht i gcomhthéacs na GS?



...cuireann an litearthacht chun tosaigh
**an fhoghlaim i ngach réimse
foghlama sa churaclam** agus...

...tá sí riachtanach agus daoine óga á
ndéanamh réidh don saol agus don
obair...



Béarla:scileanna litearthachta

labhairt agus éisteacht
léamh agus scríobh



scileanna smaointeoireachta

Cad é a tharlaíonn sa bhosca dhubh idir an dá chluais nuair a chluin páiste teachtaireacht i nGaeilge, nach í teanga a chuid smaointeoireachta í nó nach í an teanga láidir aige í agus ansin freagra a thabhairt i nGaeilge?



gníomhú san inchinn

Tá rud amháin cinnte, is é sin, go bhfuil brí agus fuinneamh agus dúshlán agus gníomhú san inchinn ag baint leis.



ceist agam oraibh

Más cainteoir dara teanga Gaeilge thú.
Cad iad na réimsí/na hábhair is mó a
mbíonn sé doiligh agat tú féin a chur in
iúl go héifeachtach iontu?



doiciméad curaclaim

Ba chóir go mbeadh páistí ábalta cumarsáid a dhéanamh lena gcur féin in iúl ar bhonn sóisialta, mothúcháinach agus fisiceach....(NICCEA, 2009: 3)



tuairim

Is í an teanga **shóisialta** agus an teanga **mhothúchánach** is mó a thugann dúshlán na ndaltaí le iad féin a chur in iúl.

*Tá ag éirí leis na daltaí teanga na Gaeilge a shealbhú i gcomhthéacsanna acadúla ach cad é faoin **teanga shóisialta agus faoi theanga na mothúchán?***



teanga na mothúchán sa Ghaeilge

Mar chainteoirí agus mar scríbhneoirí sa dara teanga is oilte i bhfad na daltaí sa Bhéarla ná sa Ghaeilge i mo thaithí fein de.

Ní bhíonn an teanga acu i nGaeilge le cur síos go sásúil ar na mothúcháin: brón, fearg, lúcháir srl.

Cad é a thig a dhéanamh?



tabhair an teanga dóibh a theastaíonn uathu

Caithfimid iad a thabhairt thar an chéad chéim
m.sh. **Bhí fearg orm.** (an comhainmneoir is
lú)

Saibhrigh a dteanga don chur in iúl le
leaganach roghnacha:

Tháinig **cochall** orm..bhí mé **ar an daoraí...**
bhí **drochribe** orm... chuaigh mé as **mo**
chrann cumhachta ar fad...

**Dar liomsa nach leor tumadh ag an staid
seo. Caithfear an teanga a theagasc do
na daltaí**



cumas

Ach ná déanaimis dearmad gur cainteoirí dúchais Béarla iad a mbunús a bhfuil tobar saibhir leathan eispéireas acu trí mheán na teanga sin.

- *Cad é faoin oilteacht teanga sin sa Bhéarla a aistriú isteach go teanga agus litearthacht na Gaeilge?*
- *Cad é mar a dhéanfaí é sin?*



aistriúchán

- Má bhíonn siad de shíor ag aistriú cad chuige nach ndéanaimid aistritheoirí níos fearr díobh?



cruinneas agus líofacht

‘I nGaelscoileanna, is de réir a chéile a fhorbraíonn scileanna tumtheanga páistí agus bíonn patrún inaitheanta i gceist ó scileanna glacacha ina mbíonn éisteacht agus tuiscint na Gaeilge go scileanna giniúna ina mbíonn labhairt na Gaeilge agus **méadú ar líofacht agus ar chruinneas.**’

(NICCEA, 2009, lch 6)



cruinneas

- An bhfuil cruinneas i labhairt agus i scríobh na Gaeilge tábhachtach?
- Ar chóir é a lorg mar chuspóir foghlama?
- An bhfuil sé réadúil mar ionchas do na daltaí i scoil Ghaeilge?
- Cad é an tslat tomhais?

éilítear cruinneas sa Bhéarla ach tá eagla orm nach bhfuil an scéal céanna amhlaidh i dtaca le Gaeilge de



cás na dtuismitheoirí

Go minic ní thig le tuismitheoir barúil a léiriú ar chaighdeán atá bainte amach ag a p(h)áiste i nGaeilge ar an ábhar nach bhfuil an t-eolas sainiúil aige/aici.

An bhfuilimid ag díol muc i mála leis an tuismitheoir agus ag cur dall mullóg air/uirthi i dtaca **le húsáid chruinn** na Gaeilge ag na daltaí?



éisteacht / tuiscint / labhairt

Tá forbairt na scileanna glacacha an-láidir sna luathbhlianta den chóras a chleachtaimid.

Éistfidh daltaí, **tuigfidh siad**, **gníomhóidh** siad de réir na tuisceana.

B'fhéidir go léireodh siad an tuiscint sin trí **labhairt** i mBéarla agus beidh sin inghlactha ag an staid seo agus i rith an ama beidh **a gcuid Gaeilge ag forbairt.**



forbairt a gcuid Gaeilge

Tugaimid orthu tosú go luath a fhreagairt i nGaeilge **fiú nuair nach bhfuil an teanga sin leathfhorbartha go fóill acu.**

Ní hiontas ar bith é go gcruthaíonn siad teanga dóibh féin le riar ar a riachtanais chumarsáide.



mar shampla: ceisteanna a chur

Cad é mar a chruthófá féin?

Who do they say I am?

When did he say he would come?

When did he say that he would come?



cumas sa chéad teanga

Bíonn obair ag na daltaí le leaganacha ceisteacha (m.sh. *cé a bhfuil ann?*, le struchtúir áirithe (m.sh. an t-ainm briathartha *an dtig liom faigh deoch*).

Tá siad níos cumasaí sa Bhéarla sna réimsí seo. Caithfimid teacht ar bhealaí leis an oilteacht sin a aistriú isteach sa Ghaeilge! An bhfuil smaointe agaibh??



Mo bharúilse: ar son ar fiú é!

Is é mo bharúilse go gcaithfear **na daltaí a bhá le samplaí ina ndéantar úsáid chruinn de na struchtúir** atá aitheanta againn mar struchtúir a thugann dúshlán na bpáistí ar bhonn rialta.

Ligean dóibh an úsáid cheart chruinn a oibriú amach dóibh féin.



plateau na Gaeilge

Níl an obair seo furasta mar gheall ar go mothaíonn daltaí go dtig leo go neamhspleách riar ar a riachtanais chumarsáide féin nuair a thig leo teachtaireachtaí a fháil ón oide agus óna bpiaraí agus teachtaireacht a thabhairt don oide agus dona bpiaraí. Ní theastaíonn aon fhorbairt dar leo.

Seo an t-am a dtosaíonn teagasc agus foghlaim teanga le cur leis an sealbhú.

Ní leor an tumadh a tuilleadh. Éilítear teagasc foirmiúil teanga.



léitheoireacht

Déantar an-chúram na laethanta seo agus ábhar léitheoireachta m.sh. úrscéalta á fhoilsiú i nGaeilge go sainiúil do pháistí ar cainteoirí dúchais Béarla iad.

- Beidh réim na teanga dírithe ar an chomhainmneoir is lú.
- Beidh gach rud scríofa go litriúil.
- Ní bheidh focail annamha ann.
- Ní bheidh cor cainte ann.
- Ní bheidh nathanna cainte ann
- Ní fheicfear aimsirí ná modhanna áirithe



léitheoireacht

Caithfear tosú a phleanáil le hábhar léitheoireachta a sholáthar do dhaltaí ina gcuirtear an teanga uile go léir i láthair na ndaltaí m.sh.:

- stór focal leathan idir minic agus annamh
- úsáid chuí de chora agus de nathanna cainte
- Cad é faoi na daltaí sárchumasacha?



léitheoireacht

Cad é arís faoi oilteacht a gcuid Béarla a úsáid le léitheoirí níos fearr i nGaeilge a dhéanamh díobh – leabhair dháttheangacha m.sh.– ina dtig leo struchtúir an dá theanga a chur i gcomórtas le chéile.

Is sa dá theanga a luíonn an buntáistí oideachasúla



feasacht fhóineolaíoch

barrthábhachtach i gcothú na litearthachta eolas a chur ar chóras fuaimeanna na Gaeilge Fónaic na Gaeilge – clár fadhbhfhuascailteach le litriú agus léamh a thabhairt ar aghaidh

**Is féidir obair chruthaitheach, nuálach a dhéanamh maidir le heolas na ndaltaí ar fhóineolaíocht an dá theanga.
(m.sh.comparáid agus codarsnacht)**



scríbhneoireacht

Seo an scil a leanann ar éisteacht, ar thuiscint, ar chaint agus ar léamh agus atá fite fuaite leo.

Is é is dúshlánaí orthu uile do pháistí Gaelscoile go háirithe i gcomhthéacs a gcumais theoranta, shrianta sa Ghaeilge agus i gcomhthéacs séanraí scríbhneoireachta a éilíonn freagra sínte scríofa.



éifeacht

Smaoinigh ar an phointe a rinne mé faoi stór focal agus leaganacha malartachta m.sh. Bhí fearg orm..bhí cochall orm...

Caithfear an teanga sin a thabhairt má táimid le caighdeán leibhéal na scríbhneoireachta a ardú ag na daltaí agus **ar ndóigh tá impleachtaí ann don fhoghlaim s'againn féin**



Michelangelo

Agus é 85 bliain d'aois dúirt sé

Ancora imparo

Tá mé ag foghlaim go fóill...

*Bímis féin ag foghlaim ar mhaithe le
foghlaim na ndaltaí atá faoinár gcúram.*